RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1898 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis na sonraí i dtaca le fearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2022

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, staidreamh a bhunófar ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun na riachtanais a chumhdach sonraí a chur ar fáil maidir leis na topaicí mionsonraithe ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700, ba cheart don Choimisiún líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an tacar sonraí i bhfearann na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2022.

(2) Maidir le líon na n-athróg atá le bailiú de bhun an Rialacháin sin, ní rachaidh sé thar 5 % os cionn líon na n-athróg a bailíodh i bhfearann na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide tráth theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1700,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is san Iarscríbhinn a leagfar amach líon agus teidil na n-athróg i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2022.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir agus teidil na n-athróg i bhfearainn úsáide na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2022

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
01.Ítimí teicniúla – 15 athróg theicniúla éigeantacha, – 2 athróg theicniúla roghnacha	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	REFYEAR	Bliain an tsuirbhé
	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	INTDATE	Dáta tagartha – dáta an chéad agallaimh
	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	STRATUM_ID	Sraith
	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	PSU	Aonad samplála príomhúil
	Aitheantas	HH_ID	Aitheantas an teaghlaigh
	Aitheantas	IND_ID	Aitheantas an duine aonair
	Aitheantas	HH_REF_ID	Aitheantas an teaghlaigh a mbaineann an duine aonair leis
	Ualuithe	HH_WGHT	Ualach an teaghlaigh
	Ualuithe	IND_WGHT	Ualach an duine aonair
	Tréithe an agallaimh	AN tAM	Fad an agallaimh
	Tréithe an agallaimh	INT_TYPE	Cineál an agallaimh
	Logánú	TÍR	Tír chónaithe
	Logánú	GEO_NUTS1	Réigiún cónaithe
	Logánú	GEO_NUTS2 (roghnach)	Réigiún cónaithe (roghnach)
	Logánú	GEO_NUTS3 (roghnach)	Réigiún cónaithe (roghnach)
	Logánú	DEG_URBA	Leibhéal an uirbithe
	Logánú	GEO_DEV	Suíomh geografach

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
02.Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh – 7 n-athróg a bailíodh, – 1 athróg dhíorthaithe, – 7 n-athróg roghnacha	Déimeagrafaíocht	INSCNE	Inscne
	Déimeagrafaíocht	YEARBIR	Bliain bhreithe
	Déimeagrafaíocht	PASSBIR	Breithlá na bliana seo thart
	Déimeagrafaíocht	AOIS	Aois, i mblianta iomlána
	Saoránacht agus stádas imirce	SAORÁNACHT	Tír na príomhshaoránachta
	Saoránacht agus stádas imirce	CNTRYB	Tír bhreithe
	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP	Méid an teaghlaigh (líon ball den teaghlach)
	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP_16_24 (roghnach)	Líon na mball sa teaghlach idir 16 agus 24 bhliana (roghnach)
	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP_16_24S (roghnach)	Líon na mac léinn sa teaghlach idir 16 agus 24 bhliana (roghnach)
	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP_25_64 (roghnach)	Líon ball den teaghlach idir 25 agus 64 bhliana (roghnach)
	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_POP_65_MAX (roghnach)	Líon na mball den teaghlach atá 65 bhliana nó níos sine (roghnach)
	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_CHILD	Líon na leanaí faoi bhun 16 bhliana
	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_CHILD_14_15 (roghnach)	Líon na leanaí idir 14 agus 15 bhliana (roghnach)
	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_CHILD_5_13 (roghnach)	Líon na leanaí idir 5 agus 13 bhliana (roghnach)
	Comhdhéanamh an teaghlaigh	HH_CHILD_LE_4 (roghnach)	Líon na leanaí atá 4 bhliana nó faoina bhun (roghnach)
03.Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair – 5 n-athróg a bailíodh, – 3 athróga roghnacha	Stádas na príomhghníomhaíochta (féin-sainmhínithe)	MAINSTAT	Stádas na príomhghníomhaíochta (féin-sainmhínithe)
	Saintréithe bunúsacha an phoist	STAPRO	Stádas fostaíochta sa phríomhphost
	Saintréithe bunúsacha an phoist	NACE1D (roghnach)	Gníomhaíocht eacnamaíoch aonad áitiúil an phríomhphoist (roghnach)
	Saintréithe bunúsacha an phoist	ISCO2D	Gairm sa phríomhphost

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Saintréithe bunúsacha an phoist	OCC_ICT	Gairmí TCF nó gairmí neamh-TCF
	Saintréithe bunúsacha an phoist	OCC_MAN	Oibrí láimhe nó oibrí intleachta
	Saintréithe bunúsacha an phoist	EMPST_WKT (roghnach)	Príomhphost lánaimseartha nó páirtaimseartha (féin-sainmhínithe) (roghnach)
	Fad an chonartha	EMPST_CONTR (roghnach)	Buaine an phríomhphoist (roghnach)
04.Gnóthachtáil oideachais agus cúlra oideachais *– 1 athróg a bailíodh,* *– 1 athróg dhíorthaithe*	Leibhéal gnóthachtála oideachais	ISCEDD	Leibhéal gnóthachtála oideachais (leibhéal oideachais is airde a cuireadh i gcrích go rathúil)
	Leibhéal gnóthachtála oideachais	ISCED	Leibhéal gnóthachtála oideachais comhiomlánaithe
5. Sláinte: stádas agus míchumas, rochtain ar chúram sláinte agus ar dheitéarmanaint sláinte, infhaighteacht agus úsáid an chúraim agus na ndeitéarmanant sláinte sin *– 1 athróg a bailíodh*	Gnéithe den Mhodúl Eorpach Íosta maidir le Sláinte	GALI	Srian ar ghníomhaíochtaí de dheasca fadhbanna sláinte
06. Ioncam, tomhaltas agus gnéithe rachmais, lena n-áirítear fiacha *– 1 athróg a bailíodh*	Ioncam iomlán míosúil an teaghlaigh	HH_IQ5	Glanioncam iomlán míosúil reatha an teaghlaigh ar an meán
07. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise *– 119 n-athróg a bailíodh* *– 3 athróg dhíorthaithe* *– 14 athróga roghnacha*	Rochtain ar TFC	IACC	Rochtain an teaghlaigh ar an idirlíon sa bhaile (trí aon ghaireas)
	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IU	An úsáid is déanaí a baineadh as an idirlíon, trí aon ghaireas cumasúcháin
	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IFUS	Meánmhinicíocht úsáide an idirlín le 3 mhí anuas
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUEM	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le ríomhphoist a sheoladh/a ghlacadh
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUPH1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le glaonna a chur (lena n-áirítear físghlaonna) ar an idirlíon
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUSNET	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le páirt a ghlacadh i líonraí sóisialta (próifíl úsáideora a chruthú, teachtaireachtaí a phostáil nó ábhar eile)

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUCHAT1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le teachtaireachtaí meandracha (teachtaireachtaí a mhalartú)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUIF	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí le haghaidh faisnéis a fháil maidir le hearraí agus seirbhísí
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUNW1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le suíomhanna nuachta ar líne, nuachtáin nó irisí nuachta a léamh
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUPOL2	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le tuairimí a nochtadh maidir le saincheisteanna sibhialta nó saincheisteanna polaitiúla ar shuíomhanna idirlín nó ar na meáin shóisialta
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUVOTE	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le bheith rannpháirteach i gcomhairliúcháin ar líne nó i vótaí chun saincheisteanna sibhialta nó polaitiúla a shainmhíniú (cur i gcás peanáil uirbeach, achainí a shíniú)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUMUSS1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le bheith ag éisteacht le ceol (cur i gcás cláir raidió ar an idirlíon, sruthú ceoil) nó le ceol a íoslódáil
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUSTV	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le féachaint ar theilifís sruthaithe ón idirlíon (teilifíse bheo nó athdheise) ó chraoltóirí teilifíse (amhail (samplaí náisiúnta))
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUVOD	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le féachaint ar Fhíseán ar Éileamh ó sheirbhísí tráchtála
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUVSS	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le féachaint ar ábhar físeáin ó sheirbhísí comhroinnte
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUPDG	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le cluichí a imirt nó cluichí a íoslódáil
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUPCAST (roghnach)	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le héisteacht le podchraoltaí nó le podchraoltaí a íoslódáil (roghnach)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IHIF	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le faisnéis a lorg maidir le cúrsaí sláinte (amhail faisnéis maidir le gortuithe, le galair, leis an gcothú, le feabhas a chur ar an tsláinte)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUMAPP	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le coinne a dhéanamh le cleachtóir trí shuíomh gréasáin nó aip (amhail suíomh gréasáin nó aip ospidéil nó ionad cúraim sláinte)

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAPR	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le rochtain a fháil ar thaifid sláinte phearsanta aonair ar líne
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOHC	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le seirbhísí sláinte eile a úsáid trí shuíomh gréasáin nó aip in ionad dul chuig an ospidéal nó cuairt a thabhairt ar dhochtúir (amhail oideas íocshláinte a fháil nó comhairliúchán a dhéanamh ar líne)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUSELL	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le hearraí nó seirbhísí a dhíol nó trí shuíomh gréasáin nó aip
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUBK	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le baincéireacht ar líne (lena n-áirítear baincéireacht mhóibíleach)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOLC	An úsáid a baineadh as an idirlín le 3 mhí anuas ar mhaithe le gníomhaíochtaí foghlama a chleachtadh chun críoch oideachasúil, ghairmiúil nó phríobháideach, trí chúrsa ar líne a dhéanamh
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOLM	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas ar mhaithe le gníomhaíochtaí foghlama a chleachtadh chun críoch oideachasúil, ghairmiúil nó phríobháideach trí ábhar foghlama ar líne a úsáid seachas chúrsa iomlán ar líne (amhail físeáin teagaisc, seimineáir ghréasáin, téacsleabhair leictreonacha, aipeanna foghlama nó ardáin foghlama)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOCIS1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas ar mhaithe le gníomhaíochtaí foghlama a chleachtadh chun críoch oideachasúil, ghairmiúil nó phríobháideach trí chumarsáid a dhéanamh le hoideachasóirí nó le foghlaimeoirí agus úsáid á baint as uirlisí fuaime ar líne nó uirlisí físe ar líne
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOFE	Gníomhaíochtaí foghlama a raibh an freagróir rannpháirteach iontu, le 3 mhí anuas, ar mhaithe le hoideachas foirmiúil (mar shampla, an scoil nó an ollscoil)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOW	Gníomhaíochtaí foghlama a raibh an freagróir rannpháirteach iontu, le 3 mhí anuas, chun críoch ghairmiúil/cúrsaí oibre
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOPP	Gníomhaíochtaí foghlama a raibh an freagróir rannpháirteach iontu, le 3 mhí anuas, chun críche príobháidí
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVIP	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí lena bhfuair an freagróir rochtain ar fhaisnéis faoin duine féin atá stóráilte ag údaráis phoiblí nó ag seirbhísí poiblí

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVIDB	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí lena bhfuair an freagróir rochtain ar fhaisnéis ó bhunachair sonraí poiblí nó ó chláir (amhail faisnéis maidir le infhaighteacht leabhar i leabharlanna poiblí, le cláir chadastracha, le cláir fiontar)
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOV12IF	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí lenar bhfuair an freagróir rochtain ar fhaisnéis (e.g. maidir le seirbhísí, sochair, teidlíochtaí, dlíthe, uaireanta oscailte)
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVIX	Ní bhfuair an freagróir rochtain ar aon taifead phearsanta ná bunachair shonraí phearsanta ná ní bhfuair sé aon fhaisnéis trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOV12FM	Foirmeacha oifigiúla á n-íoslódáil/á bpriontáil ag an bhfreagróir ó shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVAPR	Coinne nó áirithint leis na húdaráis phoiblí nó na seirbhísí poiblí a bheith déanta ag an bhfreagróir trí shuíomh gréasáin nó aip (amhail áirithint leabhair i leabharlann phoiblí, coinne le seirbhíseach rialtais nó le soláthraí cúraim sláinte stáit) chun críche príobháidí le 12 mhí anuas
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVPOST (Roghnach)	Aon chumarsáid oifigiúil nó aon doiciméad a bhfáil ag an bhfreagróir arna seoladh ag údaráis phoiblí trí chuntas an fhreagróra ar shuíomh gréasáin nó ar aip (ainm na seirbhíse, más infheidhme sa tír) a bhaineann leis na húdaráis phoiblí nó leis na seirbhísí poiblí (amhail fógra maidir le fíneáil nó le sonraisc, litreacha; seirbheáil toghairme, doiciméad na cúirte, (samplaí náisiúnta) chun críche príobháidí le 12 mhí anuas? Aon úsáid a bhaintear as ríomhphost nó SMS chun teachtaireachtaí nó fógraí a sheoladh chun a chur in iúl go bhfuil doiciméad ar fáil, cuirtear as an áireamh í.(roghnach)
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVTAX1	Dearbhú cánach an fhreagróra féin á chur isteach trí shuíomh gréasáin nó aip chun críche príobháidí le 12 mhí anuas
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVODC	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí lenar éiligh an freagróir doiciméid nó teastais oifigiúla (e.g. céimniú, breith, pósadh, colscaradh, bás, teastais chónaithe, taifid phóilíneachta agus choiriúla, (samplaí náisiúnta))

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVBE	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí lenar éiligh an bhfreagróir teidlíochtaí nó sochair (amhail pinsean, sochar dífhostaíochta, liúntas leanaí, clárú scoile, clárú ollscoile, (samplaí náisiúnta))
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVRCC	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí maidir le iarrataí, éilimh nó gearáin a rinne an freagróir (amhail gadaíocht a thuairisciú do na póilíní, gearán dlíthiúil a thionscnamh, cúnamh dlí a iarraidh, tús a chur le caingean chun cúiteamh a ghnóthú os comhair cúirte (samplaí náisiúnta))
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVNN	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – ní raibh ar an bhfreagróir aon doiciméad a iarraidh ná aon éileamh a dhéanamh
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVLS	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – easpa scileanna nó eolais (e.g. ní raibh a fhios ag an bhfreagróir conas an suíomh gréasáin nó an aip a úsáid nó bhí sé róchasta lena úsáid)
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVSEC	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – ábhair imní maidir le slándáil sonraí pearsanta nó neamhthoilteanas chun íocaíocht a dhéanamh ar líne (calaois cártaí creidmheasa)
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVEID (Roghnach)	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – easpa ríomhshínithe, easpa ríomh-shainaitheantais gníomhachtaithe (eID) nó aon uirlis eile chun an ríomh-shainaitheantas (eID) a úsáid (uirlisí is gá le haghaidh na seirbhísí a úsáid) (samplaí náisiúnta) (roghnach)
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVOP	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – rinne duine eile amhlaidh thar ceann an fhreagróra (e.g. comhairleoir nó duine muinteartha)

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVOTH	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – cúis eile
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVANYS	D'idirghníomhaigh an freagróir leis na húdaráis phoiblí
	Plé le húdaráis phoiblí	IIGOVDU	Saincheisteanna agus úsáid á baint as suíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – bhí sé deacair an suíomh gréasáin nó an aip a úsáid (e.g. ní raibh sé soláimhsithe, ní raibh an fhoclaíocht soiléir, níor míníodh an nós imeachta go maith)
	Plé le húdaráis phoiblí	IIGOVTP	Saincheisteanna agus úsáid á baint as suíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – fadhbanna teicniúla a tharla agus úsáid á baint as suíomh gréasáin nó aip (e. g. luchtú fada, cliseadh suíomh gréasáin)
	Plé le húdaráis phoiblí	IIGOVEID (Roghnach)	Saincheisteanna agus úsáid á baint as suíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – fadhbanna a bhaineann leis an ríomhshíniú nó an ríomh-shainaitheantais a úsáid (eID) (roghnach)
	Plé le húdaráis phoiblí	IIGOVPAY (Roghnach)	Saincheisteanna agus úsáid á baint as suíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – ní raibh an freagróir in ann íocaíocht a dhéanamh tríd an suíomh gréasáin nó an aip (e.g. de bharr easpa rochtana ar na modhanna íocaíochta is gá) (roghnach)
	Plé le húdaráis phoiblí	IIGOVMOB	Saincheisteanna agus úsáid á baint as suíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – ní raibh an freagróir in ann rochtain a fháil ar an tseirbhís ar ghuthán cliste nó ar tháibléad (e.g. leagan den ghléis nach bhfuil chomhoiriúnach nó feidhmchláir nach bhfuil ar fáil)
	Plé le húdaráis phoiblí	IIGOVOTH	Saincheisteanna agus úsáid á baint as suíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – saincheist eile
	Plé le húdaráis phoiblí	IIGOVX	Níor tháinig aon saincheist chun cinn don fhreagróir agus úsáid á baint as an suíomh gréasáin nó aip na n-údarás phoiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Ríomhthráchtáil	IBUY	An ceannachán deireanach nó an t-ordú deireanach d'earraí nó de sheirbhísí ar an idirlíon le haghaidh úsáid phríobháideach
	Ríomhthráchtáil	BCLOT1	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le héadaí a cheannach (éadaí spóirt san áireamh), bróga nó gabhálais (amhail málaí, seodra) ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BSPG	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le hearraí spóirt a cheannach (seachas éadaí spóirt) ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BCG	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le bréagáin nó earraí cúram leanaí a cheannach (amhail clúidíní, buidéil, bugaithe linbh) ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BFURN1	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le troscán, earraí tí (amhail cairpéid nó cuirtíní) a cheannach nó táirgí garraíodóireachta (amhail uirlisí, plandaí) ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BMUSG	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le ceol i bhfoirm dlúthdhioscaí, ceirnín vinile etc ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BFLMG	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le scannáin nó sraitheanna i bhfoirm DVD, Blu-ray etc a cheannach ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BBOOKNLG	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le hábhar priontáilte, idir leabhair, irisí nó nuachtáin a cheannach ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BHARD1	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le ríomhairí, táibléid, gutháin phóca nó gabhálais ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BEEQU1	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le ríomhtháirgí tomhaltóra (amhail teilifíseáin, steiréisheinnteoirí, ceamaraí, barraí fuaime nó callairí cliste, cúntóirí fíorúla) nó fearais tí (amhail meaisíní níocháin) a cheannach ó fhiontair nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Ríomhthráchtáil	BMED1	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le táirge íocshláinte nó forlíontaí cothaithe amhail vitimíní (seachas oidis íocshláinte a athnuachan ar líne) a cheannach ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BFDR	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le seachadtaí a cheannach ó bhialanna, ó shraithbhialanna mearbhia, seirbhíse lónadóireachta ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BFDS	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le seachadtaí a cheannach ó bhialanna, ó shraithbhialanna mearbhia, seirbhíse lónadóireachta ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BCBW	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le hearraí spóirt a cheannach (seachas éadaí spóirt) ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BCPH	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le bréagáin nó earraí cúram leanaí a cheannach (amhail clúidíní, buidéil, bugaithe linbh) ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BBMC	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le hearraí spóirt a cheannach (seachas éadaí spóirt) ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BOPG	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le ceol i bhfoirm dlúthdhioscaí, ceirnín vinile etc ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BPG_ANY	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le hearraí spóirt a cheannach (seachas éadaí spóirt) ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BPG_DOM	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le hearraí a cheannach trí shuíomh gréasáin nó aip le 3 mhí anuas ó dhíoltóirí náisiúnta (ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha)
	Ríomhthráchtáil	BPG_EU	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le hearraí a cheannach trí shuíomh gréasáin nó aip le 3 mhí anuas ó dhíoltóirí ó thíortha eile san Aontas Eorpach (ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha)

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Ríomhthráchtáil	BPG_WRLD	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le hearraí a cheannach trí shuíomh gréasáin nó aip le 3 mhí anuas ó dhíoltóirí ón gcuid eile den domhan (ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha)
	Ríomhthráchtáil	BPG_UNK	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le hearraí a cheannach trí shuíomh gréasáin nó aip le 3 mhí anuas ó dhíoltóirí nach eol a dtír thionscnaimh (ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha)
	Ríomhthráchtáil	BPG_PP	Earraí a cheannaíodh ó dhuine príobháideach trí shuíomh gréasáin nó aip
	Ríomhthráchtáil	BMUSS	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le ceol i bhfoirm dlúthdhioscaí, ceirnín vinile etc ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BFLMS	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le seachadtaí a cheannach ó bhialanna, ó shraithbhialanna mearbhia, seirbhíse lónadóireachta ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BBOOKNLS	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le ceol i bhfoirm dlúthdhioscaí, ceirnín vinile etc ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BGAMES	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le seachadtaí a cheannach ó bhialanna, ó shraithbhialanna mearbhia, seirbhíse lónadóireachta ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BSOFTS	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le ceol i bhfoirm dlúthdhioscaí, ceirnín vinile etc ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (earraí úsáidte san áireamh) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BHLFTS	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le haipeanna a cheannach nó chun síntiús a ghlacadh le haghaidh aipeanna a bhaineann leis an tsláinte agus an fholláine (seachas aipeanna saor in aisce) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BAPP	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le haipeanna eile a cheannach nó síntiús a ghlacadh le haipeanna eile (amhail aipeanna a bhaineann le teangacha a fhoghlaim, le taisteal nó le tuar na haimsire) (seachas aipeanna saor in aisce) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BSTICK	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le ticéid le haghaidh imeachtaí spóirt a cheannach trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BCTICK	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le ticéid le haghaidh imeachtaí cultúir nó imeachtaí eile (amhail ticéid le haghaidh na pictiúrlainne, le haghaidh ceolchoirmeacha nó le haghaidh aontaí,) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Ríomhthráchtáil	BSIMC	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le síntiús leis an idirlín nó le naisc fhóin chliste a cheannach trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BSUTIL	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le síntiús le soláthar leictreachais, uisce nó téimh, diúscairt dramhaíola nó seirbhísí dá samhail sin trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BHHS	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le seirbhísí teaghlaigh (amhail seirbhísí glantacháin, feighlíocht leanaí, deisiúcháin, garraíodóireachta) (lena n-áirítear i gcás ina gceannaítear seirbhísí ó dhaoine príobháideacha) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BHHS_PP	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le seirbhísí teaghlaigh a cheannach ó dhaoine príobháideacha trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BTPS_E	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le seirbhísí taistil a cheannach ó fhiontar iompair amhail ticéad bus, eitleáin nó traenach nó turas tacsaí trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BTPS_PP	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le seirbhísí taistil a cheannach ó dhuine príobháideach trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BRA_E	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le lóistín a fháil ar cíos ó fhiontair amhail óstáin nó gníomhairí taistil trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BRA_PP	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le cóiríocht a fháil ar cíos ó dhuine príobháideach trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BOTS (roghnach)	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le haon seirbhís eile a cheannach (seachas seirbhísí airgeadais agus árachais) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas (roghnach)
	Ríomhthráchtáil	BFIN_IN1	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le polasaithe árachais, lena n-áirítear árachas taistil a cheannach, chomh maith le hárachas mar phacáiste in éindí le ticéad eitleáin, mar shampla, trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BFIN_CR1	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le hiasacht nó morgáiste a fháil nó chun creidmheas ó bhanc nó ó sholáthraithe airgeadais eile a shocrú trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Ríomhthráchtáil	BFIN_SH1	An t-idirlíon a úsáid ar mhaithe le scaireanna, bannaí, aonaid cistí nó sócmhainní airgeadais eile a cheannach nó a dhíol trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_DEM	An úsáid a baineadh as teirmeastat, méadar fóntais, soilse, breiseáin atá nasctha leis an idirlíon, nó réitigh bainistíochta fuinnimh eile don teaghlach atá nasctha leis an idirlíon le haghaidh úsáid phríobháideach
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_DSEC	An úsáid a baineadh as córas aláraim baile, brathadóir deataigh, ceamaraí slándála, glais ar dhoirse nó réitigh slándála nó sábháilteachta eile atá nasctha leis an idirlíon do theaghlach an fhreagróra, atá nasctha leis an idirlíon le haghaidh úsáid phríobháideach
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_DHA	An úsáid a baineadh as fearais tí amhail folúsghlantóirí róbait, cuisneoirí, oighinn, meaisíní caifé atá nasctha leis an idirlíon le haghaidh úsáid phríobháideach
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_DVA	An úsáid a baineadh as cúntóir fíorúil i bhfoirm cainteora chliste nó aip chun críocha príobháideacha
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_DX	Níor bhain freagróir úsáid as aon cheann de na gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le fuinnimh a bhainistiú, le réitigh a fháil ar chúrsaí slándála nó sábháilteachta, le fearais tí ná le cúntóirí fíorúla a úsáid chun críoch phríobháideach
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_BDK	Na cúiseanna nár úsáideadh aon cheann de na gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le fuinneamh a bhainistiú, le réitigh a fháil ar chúrsaí slándála nó sábháilteachta, le fearais bhaile nó le cúntóirí fíorúla a úsáid chun críoch phríobháideach – ní raibh a fhios ag an bhfreagróir go raibh gairis ná córais den sórt sin ann
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_BNN	Na cúiseanna nár úsáideadh aon cheann de na gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le fuinnimh a bhainistiú, le réitigh a fháil ar chúrsaí slándála nó sábháilteachta, le fearais tí ná le cúntóirí fíorúla a úsáid chun críoch phríobháideach – níorbh gá don fhreagróir na gairis ná na córais nasctha sin a úsáid
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_BCST	Na cúiseanna nár úsáideadh aon cheann de na gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le fuinnimh a bhainistiú, le réitigh a fháil ar chúrsaí slándála nó sábháilteachta, le fearais tí ná le cúntóirí fíorúla a úsáid chun críoch phríobháideach – costais ró-ard
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_BLC	Na cúiseanna nár úsáideadh aon cheann de na gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le fuinnimh a bhainistiú, le réitigh a fháil ar chúrsaí slándála nó sábháilteachta, le fearais tí ná le cúntóirí fíorúla a úsáid chun críoch phríobháideach – easpa comhoiriúnachta le gairis nó le córais eile

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_BLSK	Na cúiseanna nár úsáideadh aon cheann de na gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le fuinnimh a bhainistiú, le réitigh a fháil ar chúrsaí slándála nó sábháilteachta, le fearais tí ná le cúntóirí fíorúla a úsáid chun críoch phríobháideach – easpa scileanna chun na gairis nó na córais a úsáid
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_BCPP	Na cúiseanna nár úsáideadh aon cheann de na gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le fuinnimh a bhainistiú, le réitigh a fháil ar chúrsaí slándála nó sábháilteachta, le fearais tí ná le cúntóirí fíorúla a úsáid chun críoch phríobháideach – imní maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí i leith an fhreagróra a ghineann na gairis nó na córais sin
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_BCSC	Na cúiseanna nár úsáideadh aon cheann de na gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le fuinnimh a bhainistiú, le réitigh a fháil ar chúrsaí slándála nó sábháilteachta, le fearais tí ná le cúntóirí fíorúla a úsáid chun críoch phríobháideach – imní faoi chúrsaí slándála (e.g. go mbeidh an gaireas nó an córas haiceáilte)
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_BCSH	Na cúiseanna nár úsáideadh aon cheann de na gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le fuinnimh a bhainistiú, le réitigh a fháil ar chúrsaí slándála nó sábháilteachta, le fearais tí ná le cúntóirí fíorúla a úsáid chun críoch phríobháideach – imní maidir le cúrsaí sláinte (e.g. go bhféadadh timpiste, gortú nó fadhb sláinte a bheith mar thoradh ar úsáid an ghairis nó an chórais)
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_BOTH	Na cúiseanna nár úsáideadh aon cheann de na gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le fuinnimh a bhainistiú, le réitigh a fháil ar chúrsaí slándála nó sábháilteachta, le fearais tí ná le cúntóirí fíorúla a úsáid chun críoch phríobháideach – cúiseanna eile
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_IUTV	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar theilifíseán atá nasctha leis an idirlíon i dteach an fhreagróra chun críoch phríobháideach
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_IUGC	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar chonsól cluiche atá nasctha leis an idirlíon i dteach an fhreagróra chun críoch phríobháideach
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_IUHA	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar chóras fuaime nó callairí cliste atá nasctha leis an idirlíon i dteach an fhreagróra chun críoch phríobháideach
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_DCS	An úsáid a baineadh as uaireadóir cliste atá nasctha leis an idirlíon, rianaire aclaíochta, spéaclaí nó gléasanna cinn atá nasctha leis an idirlíon, rianairí sábháilteachta, gabhálais atá nasctha leis an idirlíon, éadaí nó bróga atá nasctha leis an idirlíon chun críoch phríobháideach

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_DHE	An úsáid a baineadh as gairis atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar bhrú fola, ar leibhéal an tsiúcra, ar mheáchan coirp (amhail scálaí cliste) nó as ghairis eile atá nasctha leis an idirlíon ar mhaithe le cúram sláinte agus leighis chun críoch phríobháideach
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_DTOY	An úsáid a baineadh as bréagáin atá nasctha leis an idirlíon, amhail bréagáin róbat (lena n-áirítear cinn atá oideachasúil) nó bábóga chun críoch phríobháideach
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_DCAR	An úsáid a baineadh as carr a bhfuil nasc idirlín gan sreang ionsuite ann chun críoch phríobháideach
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_USE	Bhain an freagróir úsáid as Idirlíon na Rudaí
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_PSEC	Fadhbanna leis na gléasanna nó leis na córais a luadh atá nasctha leis an idirlíon – fadhbanna slándála nó príobháideachais (e.g. rinneadh an gléas nó an córas a haiceáil, fadhbanna le cosaint faisnéise faoin bhfreagróir agus a theaghlach/a teaghlach a ghintear leis na gléasanna nó leis na córais sin)
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_PSHE	Fadhbanna leis na gairis nó leis na córais a luadh atá nasctha leis an idirlíon – fadhbanna sábháilteachta nó sláinte (e.g. féadadh timpiste, gortú nó fadhb sláinte a bheith mar thoradh ar úsáid an ghairis nó an chórais)
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_PDU	Fadhbanna leis na gairis nó leis na córais a luadh atá nasctha leis an idirlíon – deacrachtaí leis an ngaireas a úsáid (e.g. an gaireas a shocrú suas, a shuiteáil, a nascadh, a phéireáil)
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_POTH	Fadhbanna leis na gairis nó leis na córais a luadh atá nasctha leis an idirlíon – fadhbanna eile (amhail fadhbanna le nascadh, fadhbanna tacaíochta)
	Nasc leis an idirlíon áit ar bith	IOT_PX	Ní raibh aon fhadhb ag an bhfreagróir leis na gairis ná leis na córais a luadh atá nasctha leis an idirlíon
	Toradh na húsáide	ECO_DMOB	An bealach a dhéileáil an freagróir leis an bhfón póca a d'athraigh sé nó nach n-úsáideann sé a thuilleadh
	Toradh na húsáide	ECO_DLT	An bealach a dhéileáil an freagróir leis an ríomhaire nó leis an táibléad a d'athraigh sé nó nach n-úsáideann sé a thuilleadh

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Toradh na húsáide	ECO_DPC	An bealach a dhéileáil an freagróir leis an ríomhaire deisce a d'athraigh sé nó nach n-úsáideann sé a thuilleadh
	Toradh na húsáide	ECO_PP (Roghnach)	Na saintréithe a mheas an freagróir a bheith tábhachtach nuair a cheannaigh sé an fón póca nó fón cliste, an táibléad, an ríomhaire glúine nó an ríomhaire deisce is déanaí – praghas (Roghnach)
	Toradh na húsáide	ECO_PHD (Roghnach)	Na saintréithe a mheas an freagróir a bheith tábhachtach nuair a cheannaigh sé an fón póca nó fón cliste, an táibléad, an ríomhaire glúine nó an ríomhaire deisce is déanaí – saintréithe an tiomána crua (stóráil, luas), luas an phróiseálaí (Roghnach)
	Toradh na húsáide	ECO_PECD (Roghnach)	Na saintréithe a mheas an freagróir a bheith tábhachtach nuair a cheannaigh sé an fón póca nó an fón cliste, an táibléad, an ríomhaire glúine nó an ríomhaire deisce is déanaí – éicidhearthóireacht an ghairis e.g. dearaí atá marthanach, in-uasghrádaithe agus indeisithe a bhfuil níos lú ábhar ag teastáil lena n-aghaidh; pacáistíocht a úsáid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, etc. (Roghnach)
	Toradh na húsáide	ECO_PEG (Roghnach)	Na saintréithe a mheas an freagróir a bheith tábhachtach nuair a cheannaigh sé an fón póca nó fón cliste, an táibléad, an ríomhaire glúine nó an ríomhaire deisce is déanaí – an fhéidearthacht saolré an ghairis a fhadú trí ráthaíocht bhreise a cheannach (Roghnach)
	Toradh na húsáide	ECO_PEE (Roghnach)	Na saintréithe a mheas an freagróir a bheith tábhachtach nuair a cheannaigh sé an fón póca nó fón cliste, an táibléad, an ríomhaire glúine nó an ríomhaire deisce is déanaí – éifeachtúlacht fuinnimh an ghairis (Roghnach)
	Toradh na húsáide	ECO_PTBS (Roghnach)	Na saintréithe a mheas an freagróir a bheith tábhachtach nuair a cheannaigh sé an fón póca nó fón cliste, an táibléad, an ríomhaire glúine nó an ríomhaire deisce is déanaí – scéim glactha ar ais á tairiscint ag an monaróir nó ag an díoltóir (i.e. glacann an monaróir nó an díoltóir an gaireas atá imithe as feidhm ón gceannaitheoir gan aon chostas a ghearradh air nó thairgeann sé lascainí don chliant chun gaireas eile a cheannach) (Roghnach)

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Teideal na hathróige/tuairisc ar an athróg
	Toradh na húsáide	ECO_PX (Roghnach)	Na saintréithe a mheas an freagróir a bheith tábhachtach nuair a cheannaigh sé an fón póca nó fón cliste, an táibléad, an ríomhaire glúine nó an ríomhaire deisce is déanaí – níl machnamh déanta ag an bhfreagróir ar aon cheann de na saintréithe atá luaite (Roghnach)
	Toradh na húsáide	ECO_PBX (Roghnach)	Na saintréithe a mheas an freagróir a bheith tábhachtach nuair a cheannaigh sé an fón póca nó fón cliste, an táibléad, an ríomhaire glúine nó an ríomhaire deisce is déanaí – níor cheannaigh an freagróir aon cheann de na gairis sin riamh (Roghnach)